2024/3212

23.12.2024

CINNEADH (AE) 2024/3212 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Nollaig 2024

lena socraítear an dáta chun deireadh a chur le seiceálacha ar dhaoine ag teorainneacha inmheánacha talún leis an mBulgáir agus leis an Rómáin agus idir an dá thír sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais 2005, agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

Ag féachaint don Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine, 2005, foráiltear, maidir leis na forálacha sin de *acquis* Schengen nach dtagraítear dóibh in Airteagal 4(1) den Ionstraim sin, nach mbeidh feidhm acu i ngach ceann de na Ballstáit sin ach amháin de bhun cinneadh ón gComhairle chuige sin, tar éis é a bheith fíoraithe i gcomhréir le nósanna imeachta meastóireachta Schengen is infheidhme, gur comhlíonadh sna Ballstáit sin na coinníollacha is gá chun gach cuid den *acquis* a chur i bhfeidhm.

(2) Trí bhíthin Chinneadh (AE) 2024/210 ([2]), d'fhág an Chomhairle, tar éis di a fhíorú gur comhlíonadh na coinníollacha is gá, go raibh forálacha *acquis* Schengen nach dtagraítear dóibh in Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005, mar a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin, infheidhme maidir leis an mBulgáir agus leis an Rómáin ón 31 Márta 2024, agus, ar chúiseanna teicniúla agus oibríochtúla, gur cuireadh deireadh leo mar sheiceálacha céadchéime ar dhaoine ag teorainneacha inmheánacha aeir agus farraige leis an mBulgáir agus leis an Rómáin agus idir an dá thír sin ón dáta sin.

(3) Ba cheart don Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le hAirteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005, cinneadh eile a dhéanamh, lena socrófar dáta chun deireadh a chur le seiceálacha ar dhaoine ag teorainneacha inmheánacha talún leis an mBulgáir agus leis an Rómáin agus idir an dá thír sin.

(4) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen ([3]) a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí B, C, D agus F de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([4]).

(5) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([5]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí B, C, D, agus F de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([6]).

([1]) IO C 380 E, 11.12.2012, lch. 160.
([2]) Cinneadh ón gComhairle (AE) 2024/210 an 30 Nollaig 2023 maidir le forálacha *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm go hiomlán i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin (IO L, 2024/210, 4.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/210/oj).
([3]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.
([4]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).
([5]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.
([6]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

(6) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([7]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí B, C, D agus F de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([8]),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, cuirfear deireadh le seiceálacha ar dhaoine ag teorainneacha inmheánacha talún leis an mBulgáir agus leis an Rómáin agus idir an dá thír sin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

PINTÉR S.

([7]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([8]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).